Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Atlantic Technological University

# Ráitis Airgeadais don tréimhse seacht mí dhéag go dtí an 31 Lúnasa 2023

**OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH**
**Clár na Ráiteas Airgeadais**


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach | 3 - 16 |
| Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach | 17 - 22 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 23 - 24 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 25 |
| Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil | 26 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 27 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 28 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 29 - 59 |

**OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH**
**Eolas faoin Ollscoil Teicneolaíochta**

| | |
|---|---|
| **Uimhir Charthanais Chláraithe** | 20206429 |
| **Uimhir Díolúine Cánach Charthanais** | 22960 |
| **Oifig Chláraithe** | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh<br>Bóthar an Chalafoirt<br>Leitir Ceanainn<br>Dún na nGall |
| **Iniúchóirí Neamhspleácha** | Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Baincéirí** | Bainc-Aontas Éireann<br>61 an tSráid Mhór Uachtarach<br>Leitir Ceanainn<br>Co. Dhún na nGall<br><br>Bainc-Aontas Éireann<br>26 Sráid Stiofáin<br>Sligeach<br><br>Banc na hÉireann<br>22 Sráid an Phríomhgharda<br>Gaillimh |
| **Dlíodóirí** | O'Flynns Exhams CDT<br>58 an Meal Theas<br>Corcaigh |

# OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH
# Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach

Ar mheán oíche an 31 Márta 2022, díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (an Ollscoil) faoi théarmaí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, trí bhíthin IR 56 de 2022. Le halt 22 den Acht, tugtar an chumhacht don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dátaí a leagan amach don chéad tréimhse airgeadais nuair a chuirtear ollscoil teicneolaíochta ar bun. Clúdaíonn céadtréimhse airgeadais na hOllscoile an tréimhse 17 mí ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023 agus, ina dhiaidh sin, is iad tréimhsí 12 mhí a bheidh i gceist dar críoch an 31 Lúnasa gach bliain. Inár gcáil mar Chathaoirleach ar an mBord Rialúcháin agus Uachtarán ar an Ollscoil, déanaimid na ráitis seo a leanas bunaithe ar an obair atá déanta ag an mBord Rialúcháin agus ag Lucht Bainistíochta na hOllscoile.

## <u>Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Bhoird Rialúcháin</u>

### Bord Rialúcháin

Bunaíodh Bord Rialúcháin na hOllscoile faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, arna leasú. Tá Bord Rialúcháin na hOllscoile cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus freagrach as dea-rialachas a áirithiú. Tá Bord Rialúcháin na hOllscoile freagrach, i dteannta a chéile, as gníomhaíochtaí na hOllscoile a threorú agus a stiúradh. Comhlíonann an Bord feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear treo straitéiseach, pleananna móra gníomhaíochta, beartais, nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmiú siúd agus ar fheidhmíocht na hOllscoile, agus maoirseacht a dhéanamh ar chinntí a bhaineann le caiteachas caipitil agus infheistíocht. Ghníomhaigh Bord Rialúcháin na hOllscoile ar bhonn iomlán eolasach agus eiticiúil, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas na hOllscoile, ag féachaint go cuí dá freagrachtaí dlíthiúla agus do na cuspóirí arna leagan síos ag an Rialtas. Féachann Bord Rialúcháin na hOllscoile chun cloí leis na prionsabail dea-chleachtas don phobal ina ghníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaintear as coistí.

# OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH
# Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach

**Plean Straitéiseach, Cláir Bhliantúla agus Buiséad**

Rinne Bord Rialúcháin na hOllscoile meastóireacht fhoirmiúil ar fheidhmíocht iarbhír faoi threoir iarratas Chomhghuaillíocht Chonnacht-Uladh ar a hainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta, iarratas ina leagtar amach na colúin straitéiseacha tosaigh don Ollscoil. Tá Clár agus Buiséad Bliantúil don Ollscoil ceadaithe ag an mBord ó shin. Cheadaigh an Bord Rialúcháin Plean Straitéiseach na hOllscoile an 19 Feabhra 2024.

**Feidhmiú an Bhoird Rialúcháin, Feidhmeanna Forchoimeádta agus Cinntí arna dTarmligean chun na Bainistíochta**

Tá Bord Rialúcháin na hOllscoile freagrach i dteannta a chéile as gníomhaíochtaí na hOllscoile a threorú agus a stiúradh i gcomhréir leis an gCód Eatramhach Rialachais. Is feidhmeanna agus cinntí don bhainistíocht iad aon fheidhmeanna agus cinntí nach luaitear go sonrach sa Chód Rialachais (Aguisín B, Feidhmeanna Forchoimeádta, Feidhmeanna Reachtúla agus Ceanglais Rialála).

**An Cód Caiteachais Phoiblí a Chomhlíonadh**

Chloígh an Ollscoil leis na gnéithe iomchuí den Chód Caiteachais Phoiblí. Chinntigh Bord Rialúcháin na hOllscoile go raibh córais agus nósanna imeachta láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú gur comhlíonadh na prionsabail, riachtanais agus treoirlínte iomchuí den Chód Caiteachais Phoiblí. Chloígh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh leis na Treoirlínte chun Tograí Caipitil a Mheas agus a Bhainistiú i gcás inarbh iomchuí. Cheadaigh an Bord Rialúcháin an Beartas chun Oibreacha Caipitil a Bhainistiú an 15 Bealtaine 2023.

**Cruinnithe de Bhord Rialúcháin Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh**

Bhí 17 gcruinniú faoi leith ag Bord Rialúcháin na hOllscoile le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023:

1 Aibreán 2022, 13 Aibreán 2022, 9 Bealtaine 2022, 13 Meitheamh 2022, 4 Iúil 2022, 29 Lúnasa 2022, 26 Meán Fómhair 2022, 24 Deireadh Fómhair 2022, 21 Samhain 2022, 12 Nollaig 2022, 19 Nollaig 2022, 20 Feabhra 2023, 27 Márta 2023, 8 Bealtaine 2023, 15 Bealtaine 2023, 19 Meitheamh 2023, 24 Iúil 2023.

Fíor 1.1

**Cruinnithe den Bhord Rialúcháin ar freastalaíodh orthu ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023**

| | Ról | Dáta an Cheapacháin | Bord Rialúcháin | Táillí agus Speansais iomlána € | Táillí go dtí an 31.08.23 € | Speansais go dtí an 31.08.23 € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon cruinnithe** | | | 17 | | | |
| Maura McNally | Cathaoirleach | 1 Aib 2022 | 17/17 | €4,238 | | €4,238 |
| An Dr Orla Flynn | Uachtarán | 1 Aib 2022 | 17/17 | €1,219 | | €1,219 |
| Anne McHugh | Comhalta Seachtrach | 1 Aib 2022 | 14/17 | | | |
| Felim McNeela | Comhalta Seachtrach | 1 Aib 2022 | 16/17 | | | |
| Oonagh Monahan | Comhalta Seachtrach | 1 Aib 2022 | 17/17 | €969 | | €969 |
| Ursula Cox | Ball Foirne | 13 Mei 2022 | 14/14 | | | |
| Michael Geoghegan | Ball Foirne | 13 Mei 2022 | 12/14 | | | |
| Gareth Roe | Ball Foirne | 13 Mei 2022 | 14/14 | | | |
| Brian McCann | Ball Foirne | 13 Mei 2022 | 13/14 | | | |
| Martin Robinson | Ball Foirne | 13 Mei 2022 | 14/14 | | | |
| Mary McGinley | Comhalta Seachtrach | 4 Iúil 2022 | 10/12 | | | |
| David Minton | Comhalta Seachtrach | 4 Iúil 2022 | 9/12 | | | |
| Dara Foynes | Comhalta Seachtrach | 4 Iúil 2022 | 9/12 | | | |
| An Dr Mary Kelly | Comhalta Seachtrach | 29 Lún 2022 | 9/11 | | | |
| Séamus Hughes | Comhalta Seachtrach | 29 Lún 2022 | 7/11 | | | |
| Michael Gilvarry | Comhalta Seachtrach | 29 Lún 2022 | 9/11 | | | |
| Patricia King | Comhalta Seachtrach | 29 Lún 2022 | 9/11 | | | |
| An tOll. Rachel Ashworth | Comhalta Seachtrach | 26 MF 2022 | 4/10 | | | |
| Edward Grant* | Comhalta Mic Léinn | 26 MF 2022 | 7/10 | | | |
| Dáire Martin* | Comhalta Mic Léinn | 26 MF 2022 | 10/10 | | | |
| Colin Kearney** | Comhalta Mic Léinn | 26 MF 2022 | 8/9 | | | |
| | **Táillí agus Speansais iomlána €** | | | **€6,246** | | **€6,246** |

*Ionadaithe thar ceann Aontas na Mac Léinn don téarma dar chríoch an 30 Meitheamh 2023

**Ionadaithe thar ceann Aontas na Mac Léinn don téarma dar chríoch an 31 Bealtaine 2023

Fíor 1.2

**Íocaíochtaí arna ndéanamh le Comhaltaí de Bhoird Rialúcháin na nInstitiúidí Teicneolaíochta as freastal ar bhoird agallaimh roimh an 31 Márta 2022**

| Íocaíochtaí | Bord Rialúcháin | Táillí agus Speansais iomlána € | Táillí go dtí an 31.03.22 | Speansais go dtí an 31.03.22 |
|---|---|---|---|---|
| Bernie Mulhern | ITLC | €600 | €600 | |
| Seamus Kilgannon | ITLC | €1,650 | €1,650 | |
| Geoffrey Browne | IT Shligigh | €4,615 | €4,500 | €115 |
| Niall O'Donnellan | IT Shligigh | €289 | | €289 |
| Mary Bohan | IT Shligigh | €1,800 | €1,800 | |
| Paul Murphy | ITGM | €1,458 | €1,425 | €33 |
| Maria Ruddy | ITGM | €444 | €428 | €16 |
| Michael Maher | ITGM | €2,626 | €2,137 | €489 |

**Bainistiú Riosca**

Rinne Bord Rialúcháin na hOllscoile an creat bainistíochta riosca a cheadú agus monatóireacht ar a éifeachtacht. Chomh maith leis sin, rinne an Bord formhaoirseacht ar Bheartas Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh um Bainistiú Riosca. Mar chuid den obair sin, dhéanadh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus leasú struchtúrtha go tréimhsiúil ar Chlár Riosca Corparáideach na hOllscoile. Mar chuid den athbhreithniú seo rinneadh measúnú ar na rioscaí ba mhó, an rátáil riosca agus na maoluithe a bhaineann le gach ceann de na rioscaí mar atá leagtha amach i gClár na hOllscoile um Riosca Corparáideach.

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**

Is é Bord Rialúcháin na hOllscoile a rinne na Téarmaí Tagartha don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a leagan amach, inar cuireadh san áireamh forálacha i dtaca leo seo:

- Comhaltaí
- Ceanglais Tuairiscithe
- Údarás chun cúrsaí a imscrúdú
- Cruinnithe - uaireanta, iompar agus minicíocht
- Ceanglais faisnéise
- Luach ar airgead

- Rialachas agus freagrachtaí i leith na nithe seo:
  - Bainistiú Riosca
  - Rialú Inmheánach
  - Iniúchadh Inmheánach
  - Iniúchadh Seachtrach
  - Athbhreithniú ar a éifeachtacht féin

Ba dheimhin le Bord Rialúcháin na hOllscoile go raibh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tar éis a ról a chomhlíonadh go héifeachtach éifeachtúil agus tar éis na ceanglais a shásamh i dtaca le minicíocht na gcruinnithe sa bhliain acadúil seo. Féach fíor 1.3 thíos áit a dtugtar sonraí le haghaidh cruinnithe arna ngairm le linn na bliana.

Fíor 1.3

| Cruinnithe den Bhord Rialúcháin ar freastalaíodh orthu ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023 | | |
|---|---|---|
| | **Dáta an Cheapacháin chun an Choiste** | **Cruinnithe ar freastalaíodh orthu** |
| **An Coiste Iniúchta agus Riosca** | | |
| Anne McHugh | 13-Aib-22 | 8/8 |
| Mary McGinley | 13-Aib-22 | 8/8 |
| Paraic Casey | 13-Aib-22 | 6/8 |
| David Leahy | 13-Aib-22 | 5/8 |
| Philip Maguire | 13-Aib-22 | 7/8 |
| Mary Bohan 13/04/22 – 13/04/23 | 13-Aib-22 | 1/6 |
| Lee-Ann McGinley | 24-DF-22 | 3/5 |
| John Geary | 21-Sam-22 | 2/4 |

Tionóladh cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 24 Bealtaine 2022, 21 Meitheamh 2022, 6 Meán Fómhair 2022, 22 Samhain 2022, 7 Feabhra 2023, 14 Márta 2023, 9 Bealtaine 2023 agus 4 Iúil 2023.

**Cruinnithe de Choistí eile**

Féach fíor 1.4 thíos áit a dtugtar sonraí le haghaidh comhaltaí agus cruinnithe a bhí ann le linn na bliana.

Fíor 1.4

| | Dáta an Cheapacháin chun an Choiste | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| **Coiste Seachtrach Ainmniúchán** | | |
| Maura McNally | 09-Bea-22 | 4/4 |
| Oonagh Monahan | 09-Bea-22 | 3/4 |
| Ann McHugh 09/05/2022 – 11/12/2023 | 09-Bea-22 | 4/4 |
| Felim McNeela - 04/09/23-31/03/24 | 09-Bea-22 | 4/4 |
| | | |
| **Fochoiste Airgeadais** | | |
| Felim McNeela | 24-DF-22 | 5/5 |
| Ursula Cox | 24-DF-22 | 4/5 |
| Larissa Feeney | 21-Sam-22 | 4/5 |
| An Dr Orla Flynn | 24-DF-22 | 5/5 |
| Joe Gannon | 21-Sam-22 | 5/5 |
| An Dr Mary Kelly | 24-DF-22 | 4/5 |
| Paul Shelly | 21-Sam-22 | 5/5 |
| Dara Foynes 24/10/2022 – 20/02/2023 | 24-DF-22 | 0/1 |
| | | |
| **Fochoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú** | | |
| Maura McNally | 09-Bea-22 | 3/3 |
| An Dr Orla Flynn | 09-Bea-22 | 3/3 |
| An tOll. Jacqueline McCormack | 09-Bea-22 | 3/3 |
| An tOll. Owen Barr | 26-MF-22 | 2/2 |
| Edward Grant 24/10/22 - 30/06/23 | 24-DF-22 | 1/2 |
| Brian McCann 20/02/23 - 31/03/24 | 20-Fea-23 | 1/1 |
| Tonye Benson-Olatunde | 15-Bea-23 | 0/0 |
| | | |
| **Fochoiste um Fhorbairt Straitéiseach** | | |
| Oonagh Monahan | 20-Fea-23 | 0/0 |
| An Dr Orla Flynn | 20-Fea-23 | 0/0 |
| Maura McNally | 20-Fea-23 | 0/0 |
| Henry McGarvey | 20-Fea-23 | 0/0 |
| An Dr Martin Robinson | 20-Fea-23 | 0/0 |
| Colin Kearney 19/2/2023-30/06/2023 | 20-Fea-23 | 0/0 |
| Dara Foynes | 20-Fea-23 | 0/0 |
| David Minton | 20-Fea-23 | 0/0 |
| Seamus Hughes 19/2/2023 – 19/2/2024 | 20-Fea-23 | 0/0 |

Tionóladh cruinnithe den Choiste Ainmniúchán Seachtrach ar an 3 Meitheamh 2022, 16 Meitheamh 2022, 19 Meitheamh 2022 agus 18 Lúnasa 2022.

Tionóladh cruinnithe den fhochoiste airgeadais ar an 18 Eanáir 2023, 24 Feabhra 2023, 16 Márta 2023, 7 Meitheamh 2023 agus 24 Iúil 2023.

Tionóladh cruinnithe den fhochoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú an 5 Meán Fómhair 2022, an 23 Eanáir 2023 agus an 23 Aibreán 2023.

Tionóladh an chéad chruinniú den Fhochoiste um Fhorbairt Straitéiseach ar an 31 Eanáir 2024.

**Meastóireacht Feidhmíochta ar an mBord Rialúcháin agus a Choistí**

Bhí gealltanas tugtha ag Bord Rialúcháin na hOllscoile go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil feidhmíochta ar a éifeachtacht. Ní dhearnadh athbhreithniú seachtrach sa tréimhse seo. Thug an Bord Rialúcháin faoi fhéinmheasúnú i mí na Bealtaine 2023 agus pléadh é sin i gcruinniú den Bhord Rialúcháin i mí an Mheithimh 2023. Is i mí na Bealtaine 2024 a rinne an Bord Rialúcháin an t-athbhreithniú deiridh air féin.

**Fadhbanna Ginearálta le Rialachas agus Cuntasacht**

Ní raibh aon cheisteanna rialachais agus cuntasachta ann a raibh an Ollscoil ag iarraidh iad aird an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna, agus an ÚAO, a tharraingt orthu.

**Diúscairt Sócmhainní**

Ní raibh aon diúscairtí sócmhainní ann ná níor tugadh rochtain ar mhaoin ná ar bhonneagar i socruithe tráchtála le tríú páirtithe a d'éirigh ní ba mhó ná an tairseach de €150,000 nach ndearnadh raibh faoi réir ceantála ná próiseas tairisceana iomaíoch le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023, seachas léas a deonaíodh don tionscadal Creative Enterprise West (CREW) i Samhain 2022.

**Forbairtí Suntasacha ó thaobh Tráchtála de a bhfuil tionchar acu ar an Ollscoil**

I samhradh na bliana 2020, chuaigh Institiúid Teicneolaíochta Shligigh i mbun cainteanna le Coláiste San Aingeal, Sligeach, maidir le Coláiste San Aingeal a thabhairt isteach mar chuid d'Institiúid Teicneolaíochta Shligigh. Tháinig deireadh leis an bplé nuair a síníodh comhaontú corpraithe idir Coláiste San Aingeal agus an Ollscoil an 31 Bealtaine 2023. Ina dhiaidh sin, d'eisigh an tAire Ardoideachais, Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ordú dar dáta an 5 Iúil 2023 (IR uimh. 356 de 2023) agus corpraíodh Coláiste San Aingeal san Ollscoil an 1 Samhain 2023.

Bhí 10.39% de scairshealbhú ag Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, sa chuideachta Nektr Technologies, a aistríodh chun na hOllscoile an 1 Aibreán 2022. Cuireadh an chuideachta seo ar bun i Márta 2018 chun maoin intleachtúil faoi úinéireacht na hInstitiúide a thráchtálú. Níl aon iasachtaí ná aon oibleagáidí infhorghníomhaithe airgeadais ann don Ollscoil mar thoradh ar an ar an scairsheilbh seo. Níl aon díbhinn faighte ó Nektr Technologies go dtí seo. De bharr coinníollacha díobhálacha trádála, cheap stiúrthóirí Nektr Technologies leachtaitheoirí chun na cuideachta an 20 Nollaig 2023. Ní raibh aon luach tráchtála a shannadh don scairsheilbh. Mar sin, níl aon chaillteanas sa scairsheilbh ag teacht as an leachtú. Mar sin féin, rinneadh soláthar in aghaidh fiach amhrasach de €371,000 i gcuntais Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh sa bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2023, suim a bhaineann le paitinní agus táillí ceadúnais a íocadh agus a bhí le haisíoc ag Nektr.

Bhunaigh Institiúid Teicneolaíochta Shligigh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe an 10 Meán Fómhair 2019 le Comhairle Contae Shligigh agus Comhairle Contae Liatroma - Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Shligigh Liatroma agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh le haghaidh Tionscadail Forbartha Réigiúnaí. Bunaíodh an Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe chun tionscadail don fhorbairt réigiúnach a chur chun cinn. Ba leis an Institiúid 34% de na scaireanna a aistríodh chun na hOllscoile nuair a bunaíodh í an 1 Aibreán 2022. Thug Institiúid Teicneolaíochta Shligigh gealltanas airgeadais don chuideachta go gcuirfí €271,000 de mhaoiniú meaitseála ar fáil don Ionad le haghaidh Déantúsaíocht Dhigiteach don am atá le teacht chomh maith le hiasacht de €240,000 le caipiteal oibre a mhaoiniú go sealadach. Aistríodh an gealltanas seo chun na hOllscoile nuair a bunaíodh í. D'íoc Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, €111,000 den chistiú meaitseála sular cuireadh an Ollscoil ar bun. Rinne an Ollscoil íocaíochtaí breise de €160,000 le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023. Níl an iasacht bheartaithe íoctha fós.

Ní raibh aon chostas ann don Státchiste as aon socruithe maoinithe a bhain le haon chomhfhiontar nó socruithe eile mar sin (lena n-áirítear iasachtaí, díbhinní nó cineálacha eile maoinithe arna gcur ar fáil ag an Ollscoil nuair a bunaíodh an comhfhiontar / an socrú ná dá éis sin) seachas na cinn atá

sonraithe don Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe thuas (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Institiúidí Teicneolaíochta Shligigh agus Liatroma le haghaidh Tionscadail Forbartha Réigiúnaí).

**Achoimre ar gach Idirbheart de chuid na hOllscoile atá lasmuigh den Chlár Comhardaithe**

Ní raibh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den Chlár Comhardaithe le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

**Cód Iompair do Chomhaltaí agus Fostaithe**

Tá an Ollscoil in ann a dheimhniú gur cuireadh cód iompair i bhfeidhm do chomhaltaí agus fostaithe le linn na tréimhse agus gur cloíodh leis. Mar chuid de seo tá beartais shoiléire maidir le coinbhleachtaí leasa agus eitic in oifigí poiblí.

**Comhlíonadh Bheartas an Rialtais um Pá an Uachtaráin agus Pá Fhostaithe na hOllscoile**

Chloígh an Ollscoil lena hoibleagáidí faoi bheartas an Rialtais um pá an Uachtaráin agus pá na bhfostaithe ar fad eile san Ollscoil.

Féach na ráitis airgeadais, nóta faisnéisithe 9.

**Ráiteas Comhlíontachta**

Cloíodh leis na Treoirlínte um Pá Rialtais i leith ceapaithe mar sin a bhí ar an mBord Rialúcháin agus in aon fhochuideachtaí de chuid na hOllscoile.

**Tuairisciú de réir Nochtadh Rúnda - an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.**

Cuireadh nósanna imeachta maidir le Nochtadh Rúnda a Thuairisciú i bhfeidhm san Ollscoil. Tá siad istigh mar chuid den Bheartas um Nochtadh Cosanta a cheadaigh an Bord Rialúcháin an 13 Aibreán 2022. Tugann na nósanna imeachta seo deis d'fhostaithe cúiseanna imní a chur in iúl faoi rún i dtaobh neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i dtuairisciú airgeadais nó in aon nithe eile. Chomh maith leis sin, deimhnítear go ndéanfar nithe a thuairisceofar mar seo a fhiosrú. Tá an Tuairisciú de réir Nochtadh Rúnda atá i bhfeidhm san Ollscoil ag teacht leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

Chomh maith leis sin, deimhníonn an Comhlacht Rialúcháin go bhfuiltear tar éis tuarascáil bhliantúil na hOllscoile a fhoilsiú, mar a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ní bhfuair an Ollscoil aon nochtaí de réir nochtadh cosanta sa tréimhse idir an 1 Aibreán 2022 agus an 31 Lúnasa 2023.

**Dlíthe Cánach**

Chloígh an Ollscoil lena hoibleagáidí faoin dlí cánach.

Féach freisin na ráitis airgeadais, nóta faisnéisithe 11.

**Díospóidí Dlí**

Tá miondealú ar na costais/socruithe dlí ar leathanach 14. Ní raibh aon díospóidí dlí ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh a bhain le Comhlachtaí Stáit eile.

**Fochuideachtaí na hOllscoile**

Níl aon fhochuideachta ag an Ollscoil.

**Cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú**

Aithnítear san Ollscoil an tábhacht a bhaineann leis an éagsúlacht agus ionchuimsiú don fhoireann agus do na mic léinn ar fad san Ollscoil. Dá réir sin, tá tionscnaimh éagsúla curtha i bhfeidhm arb é is aidhm leo timpeallacht ionchuimsitheach a chur chun cinn níos mó, iad seo ina measc:

- Tá na pleananna gníomhaithe um chomhionannas inscne a bhí ag na hinstitiúidí oidhreachta curtha le chéile mar phlean na hollscoile. Baineadh amach Athena SWAN ar Leibhéal Cré-umha i mí Aibreáin 2022. Cuireadh foireann féinmheasúnaithe na hollscoile ar bun i mí na Nollag 2023 chun iarratas na hOllscoile ar Athena SWAN a ullmhú le tuilleadh aitheantais a bhaint amach in 2025.
- Cuireadh le chéile na 3 phlean gníomhaithe oidhreachta um Chreat Toilithe (Mí-iompar agus Ciapadh Gnéasach a Chosc agus Freagairt ina leith) mar chuid den phlean gníomhaithe na hollscoile.
- Bhí cnuasach cuimsitheach de chláir oiliúna ann a bhain le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.
- Cuireadh Líonra na mBall Foirne LADT+ agus a gComrádaithe ar bun (AURA)
- Glacadh leis na Prionsabail Náisiúnta Frithchiníochais san Ardoideachas in Éirinn. Bunaíodh Líonra Comhionannais Ciníocha na hollscoile, líonra atá chun tús a chur leis an obair ar phlean gníomhaíochta um Chomhionannas Ciníocha.
- Tá dréacht de bheartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú chomh maith le beartas um Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne scríofa agus scaipthe ar bhaill foirne agus ar mhic léinn lena gcomhairle a fháil.
- Tá an t-iniúchadh um dhearadh uilíoch agus inrochtaineacht curtha i gcrích agus tá dréachtphlean gníomhaithe ullmhaithe.
- Tá an Ollscoil mar chomhpháirtí den tionscadal Pas ETIM chun cailíní ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh le dul i dtreo cúrsaí agus gairmeacha san eolaíocht.
- Tá sraith imeachtaí agus aoichainteanna ar siúl faoi láthair leis an ionchuimsitheacht a chur chun cinn, cuir i gcás cláir imeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Idirnáisiúnta na bhFear, Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Lá Eitneachta Lucht Siúil na hÉireann, Feasacht Idirghnéasach agus dá réir sin.
- Leabharliosta comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta atá á choimeád agus ar fáil ar iasacht san Ollscoil chomh maith le taispeántais leabharlainne do mhí feasachta LADT agus Mí Stair na nDaoine Dubha.

Bhí 10 comhaltaí (56%) ar mná iad agus 8 comhaltaí (44%) ar fir iad ar an mBord Rialúcháin ar an 31 Lúnasa 2023. Dá réir sin, chomhlíon Bord Rialúcháin sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad idir fhir agus mhná i measc comhaltaí ar bhoird comhlachtaí stáit.

Tugtar liosta de na comhaltaí ar fad den Bhord Rialúcháin ar leathanach 5 chomh maith leis na cruinnithe ar fhreastail siad orthu.

# OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH
## Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach

### Taisteal agus Cothú

| | 17 mí<br>31/08/2023<br>€'000 | 19 mí<br>31/03/2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Taisteal Baile | 1628 | 410 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 1648 | 208 |
| **Iomlán** | **3276** | **618** |

### Caiteachas Fáilteachais

| | 17 mí<br>31/08/2023<br>€'000 | 19 mí<br>31/03/2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Imeachtaí Foirne | 199 | 39 |
| Imeachtaí Mac Léinn (seachas costais ag baint le bronnadh na céime) | 119 | 7 |
| Seachtrach eile | 222 | 57 |
| **Iomlán** | **540** | **103** |

### Costais/Socraíochtaí Dlí

| | 17 mí<br>31/08/2023<br>€'000 | 19 mí<br>31/03/2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Táillí Gairmiúla | 610 | 358 |
| Socraíochtaí | - | 18 |
| **Iomlán** | **610** | **376** |

### Táillí sainchomhairleoireachta

| | 17 mí<br>31/08/2023<br>€'000 | 19 mí<br>31/03/2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Táillí Gairmiúla: Dlí | 610 | 358 |
| Táillí Gairmiúla: Cáin agus comhairle airgeadais | 638 | 664 |
| Táillí Gairmiúla: Caidreamh poiblí/margaíocht | 608 | 630 |
| Táillí Gairmiúla: Pinsin agus acmhainní daonna | 112 | 129 |
| Táillí Gairmiúla: Eile | 1,340 | 1,644 |
| **Iomlán** | **3,308** | **3,425** |

## OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH
## Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais**

Tá Bord Rialúcháin na hOllscoile tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais agus iad a cheadú. Measann an Bord Rialúcháin go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas cothrom fíor ar fheidhmíocht airgeadais na hOllscoile agus ar a staid airgeadais ar an 31 Lúnasa 2023.

**Ráiteas Freagrachta na hOllscoile**

Le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, arna leasú, ceanglaítear ar an ollscoil Ráitis Airgeadais a ullmhú san fhoirm chuí de réir mar bheidh ceadaithe ag an Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, b'éigean don Rialtas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breitheanna a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh a bheadh réasúnach agus stuama.
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin mura mbeadh sé oiriúnach glacadh leis go leanfadh an ollscoil ar aghaidh i mbun oibre.
- Aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtadh go réasúnta cruinn in am ar bith staid airgeadais na hOllscoile agus a d'fhág gur chloígh na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, arna leasú.

Tá an Ollscoil freagrach, leis, as a sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Ráiteas Comhlíontachta**

Ghlac an Ollscoil leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, mar atá léirithe sa Chód eatramhach Rialachais d'Ollscoileanna Teicneolaíochta agus chuir nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífí leis an gCód. Chloígh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh go hiomlán leis an gCód Eatramhach Rialachais do na seacht mí dhéag dar chríoch an 31 Lúnasa 2023.

**OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH**
**Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach**

**Cathaoirleach:** __________________________ **Dáta:** ______________

**Maura McNally**

**Uachtarán:** _______________________________ **Dáta:** ______________

**An Dr Orla Flynn**

# OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH
## Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Ar mheán oíche an 31 Márta 2022, díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (an Ollscoil) faoi théarmaí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, trí bhíthin IR 56 de 2022. Le halt 22 den Acht, tugtar an chumhacht don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dátaí a leagan amach don chéad tréimhse airgeadais nuair a chuirtear ollscoil teicneolaíochta ar bun. Clúdaíonn céadtréimhse airgeadais na hOllscoile an tréimhse 17 mí ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023 agus, ina dhiaidh sin, is iad tréimhsí 12 mhí a bheidh i gceist dar crícoh an 31 Lúnasa gach bliain. Inár gcáil mar Chathaoirleach ar an mBord Rialúcháin agus Uachtarán ar an Ollscoil, déanaimid na ráitis seo a leanas bunaithe ar an obair atá déanta ag an mBord Rialúcháin agus ag Lucht Bainistíochta na hOllscoile.

### Raon Freagrachta

Mar Bhord Rialúcháin agus mar Chathaoirleach ar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, aithnímid an fhreagracht atá ar Bhord Rialúcháin na hOllscoile as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach don rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú san Ollscoil agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena dheimhniú gur córas éifeachtach é. Léiriú is ea an fhreagracht seo ar na ceanglais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) mar atá léirithe sa Chód eatramhach Rialachais d’Ollscoileanna Teicneolaíochta.

Inár gcáil mar Chathaoirleach ar an mBord Rialúcháin agus Uachtarán ar an Ollscoil, déanaimid na ráitis seo a leanas bunaithe ar an obair atá déanta ag an mBord Rialúcháin agus ag Lucht Bainistíochta na hOllscoile.

### Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas chun deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an córas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndearnadh sócmhainní a chosaint, gur údaraíodh idirbhearta agus gur taifeadadh i gceart iad, agus gur coisceadh nó gur braitheadh earráidí nó mírialtachtaí ábhartha go tráthúil.

## OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH
## Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Tá an córas don rialú inmheánach ag teacht le treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí an córas i bhfeidhm in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh don tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023 agus suas le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

**Athbhreithniú bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh**

Rinne Bord Rialúcháin na hOllscoile athbhreithniú bliantúil ar an 11 Nollaig 2023 ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach don tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

**Nochtadh Sáruithe ar Rialú Inmheánach, Laigí sa Rialú Inmheánach agus Caillteanais nó Calaoisí Ábhartha**

**Laigí sa rialú inmheánach:**
Táthar tar éis aghaidh a thabhairt ar laigí a sonraíodh sa rialú inmheánach sa tréimhse agus tá gníomhartha rialaithe curtha i bhfeidhm nó i ngníomh i ndeireadh na tréimhse. Níor sonraíodh aon chaillteanais ná mí-ráitis ábhartha fad a bhí iniúchadh neamhspleách ar bun ag na hiniúchóirí inmheánacha.

Tá laigí sa rialú inmheánach leagtha amach sa tábla thíos.

| Nochtadh neamh-chomhlíonta, sáruithe ar rialú inmheánach, laigí sa rialú inmheánach agus caillteanais nó calaoisí ábhartha | Cur síos ar aon ghníomh ceartaitheach chun sáruithe ar rialú inmheánach, laigí sa rialú inmheánach agus/nó caillteanais nó calaoisí ábhartha a chur ina gceart | Dáta dlite nó Dáta arna chur i bhfeidhm |
|---|---|---|
| €1,085,846 a bhí sa soláthar neamh-chomhlíontach a rinneadh sa tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023. | Feabhsú a chur i bhfeidhm ar na córais chun monatóireacht a dhéanamh ar dhátaí éaga conarthaí.<br><br>Feabhsú a chur i bhfeidhm ar na córais chun monatóireacht a dhéanamh ar theorainneacha tairseacha creataí. | Curtha i gcrích mar chuid de chóras bainistithe conarthaí Chéim 1. Na conarthaí ar fad le haghaidh earraí agus seirbhísí arna mbronnadh ó R1 2024 ar an gcóras bainistithe conarthaí.<br><br>Tá Céim 2 de thionscadal an Chórais Bainistithe Conarthaí á cur i bhfeidhm faoi láthair - Monatóireacht ar Chaiteachas. Tá an méid sin le bheith beo faoi R1 in 2025 (B&E as an áireamh). |

| | | |
|---|---|---|
| | Déantar monatóireacht mhíosúil leanúnach ar iomlán caiteachais soláthraithe.<br><br>Tá an Ollscoil i mbun acmhainní a mhéadú san fhoireann soláthair le go mbeifear in ann tabhairt faoi athbhreithniú agus monatóireacht bhreise.<br><br>Iarratas agus athbhreithniú ar fhoirm thosaigh ar líne maidir le soláthraí aonair agus soláthar á gcur i bhfeidhm.<br><br>Forbairt ar Thairseach Soláthair OT an Atlantaigh (láithreán SharePoint) ar a dtugtar na beartais, nósanna imeachta agus socruithe reatha atá i bhfeidhm. | Curtha i gcrích. Tuarascáil nua forbartha R1 2024 le go mbeidh úsáideoirí deiridh in ann monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas laethúil suas chun dáta.<br><br>Earcaíocht curtha i gcrích agus i bhfeidhm. Tá an fhoireann méadaithe faoi dhó ó mhí Aibreán 2022.<br><br>Curtha i gcrích.<br><br>Curtha i gcrích. |
| Chuir an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú i gcrích ar Rialuithe Cibearshlándála na hOllscoile le linn na bliana 2022-2023. Ba é ba chuspóir leis an athbhreithniú aibíocht na hOllscoile a mheas ó thaobh cibearshlándála de agus rioscaí slándála a thuiscint i gcomhréir tionscal an oideachais. Léiríonn torthaí an mheasúnaithe go bhfuil cibearchumas agus aibíocht na hOllscoile ag teacht le scór iomlán de 1.43, é sin i gcomparáid le meánscór de 1.27 san earnáil ardoideachais agus meánscór de 1.51 san earnáil phoiblí. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo tá deiseanna ann chun an cibearchumas a fheabhsú níos mó agus chun na próisis chibearbhainistíochta san Ollscoil a láidriú i gcomhréir le tírdhreach na teicneolaíochta atá de shíor ag athrú. | Rialachas Cibearshlándála - Struchtúr foirmiúil rialachais cibearshlándála a chur ar bun agus ceannasaí faoi leith don chibearshlándáil ann chun cur le cumas na foirne TF. PTFanna foirmiúla agus intomhaiste slándála a leagan amach don fhoireann TF.<br>Freagairt ar Theagmhais – Plé a dhéanamh ar uirlis bainistithe teagmhas a chur i bhfeidhm chun cuidiú le slándáil TF teagmhais a logáil de réir scéimeanna aicmithe cuí agus leis an stór teagmhas a chothabháil. Pleananna foirmiúla chun freagairt do theagmhais a chur le chéile.<br><br>Monatóireacht slándála - An cás a phlé i dtaobh uirlis mhonatóireachta ar fud an líonra a chur i bhfeidhm le go mbeifear in ann monatóireacht slándála níos fearr a dhéanamh. Gach bailitheoir logálaithe a shainiú agus a chomhtháthú le SIEM bainistithe in-oiriúnaithe.<br><br>Bréagionsaithe tástála agus Scanadh Leochaileachta - cur chuige seasmhach a fhorbairt chun leochaileacht a aithint, a chur in iúl, a leigheas agus a rianú. | Curtha i gcrích R3 2024<br><br>Ar bun - lena chur i gcrích in 2025.<br><br>Curtha i gcrích R2 2024<br><br>Curtha i gcrích R3 2024 |

**Calaoisí**

Tuairiscíodh aon chás calaoise tar éis dheireadh na tréimhse. Is éard a bhí i gceist ann ná gur cailleadh €2,000 de bharr calaois fioscaireachta sa chóras párolla. Tuairiscíodh an cás don Gharda Síochána.

# OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN ATLANTAIGH
# Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

**Athbhreithniú ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach**

Deimhnímid go ndearna Coiste Iniúchta agus Riosca OTA agus Comhlacht Rialaithe OTA athbhreithniú ar an Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach lena chinntiú go léireofaí go cruinn beacht ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm sa tréimhse tuairiscithe.

**Timpeallacht Rialaithe Iomchuí**

Thóg Bord Rialúcháin na hOllscoile céimeanna lena chinntiú go mbeadh timpeallacht rialaithe iomchuí ann ar na bealaí seo:

- Freagrachtaí na bainistíochta a leagan amach go soiléir.
- Nósanna imeachta agus rialacháin a fhorbairt a ndearnadh athbhreithniú orthu go rialta agus a ndearnadh iad a thaifeadadh, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil suas chun dáta.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla coiste d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus acmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Cultúr láidir den chuntasacht a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht.
- Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm le heasnaimh shuntasacha ó thaobh rialaithe de a thuairisciú agus lena chinntiú go ndéanfaí beart ceartaitheach.
- Glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus cloíodh leis, mar atá léirithe sa Chód eatramhach Rialachais don Ollscoil.
- Mar chuid den iarracht leis an timpeallacht rialaithe a chinntiú bhí Coiste Gníomhach Iniúchta agus Riosca, feidhm um iniúchadh inmheánach agus tuairisciú rialta don Bhord Rialaithe ar thorthaí airgeadais.

**Rioscaí Gnó**

Rinne Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh forbairt ar phróisis chun rioscaí gnó a shonrú agus a mheas. Baineadh an méid sin amach ar chúpla slí, mar seo a leanas mar shampla:

- Rinneadh forbairt ar phlean straitéiseach don Ollscoil le go mbeadh an bhainistíocht agus an Bord Rialúcháin in ann na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhtháscairí feidhmíochta riachtanacha a shonrú le hoibríochtaí na hOllscoile a phleanáil agus a bhainistiú go héifeachtach.
- Glacadh le Beartas Bainistithe Riosca.
- Rinneadh rioscaí móra agus úinéirí rioscaí a shonrú agus na rialuithe a shonrú leis na rioscaí sin a mhaolú.
- Rinneadh forbairt ar spriocanna bliantúla agus níos fadtéarmaí ná sin tuairiscíodh na torthaí a baineadh amach.
- Cuireadh Creat um Rialú Inmheánach i bhfeidhm.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil a ndearna Bord Rialúcháin na hOllscoile athbhreithniú orthu agus iad a cheadú.
- Athbhreithnithe rialta ag Comhlacht Rialaithe na hOllscoile agus a choistí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla inar cuireadh in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le meastacháin.

- Leagadh spriocanna síos chun cúrsaí airgeadais agus cineálacha feidhmíochta eile a mheas.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla arna leagan amach go soiléir.

Bhí 10.39% de scairshealbhú ag Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, sa chuideachta Nektr Technologies, a aistríodh chun na hOllscoile an 1 Aibreán 2022. Cuireadh an chuideachta seo ar bun i Márta 2018 chun maoin intleachtúil faoi úinéireacht na hInstitiúide a thráchtálú. Níl aon iasachtaí ná aon oibleagáidí infhorghníomhaithe airgeadais ann don Ollscoil mar thoradh ar an ar an scairsheilbh seo. Níl aon díbhinn faighte ó Nektr Technologies go dtí seo. De bharr coinníollacha díobhálacha trádála, cheap stiúrthóirí Nektr Technologies leachtaitheoirí chun na cuideachta an 20 Nollaig 2023. Ní raibh aon luach tráchtála a shannadh don scairsheilbh. Mar sin, níl aon chaillteanas sa scairsheilbh ag teacht as an leachtú. Mar sin féin, rinneadh soláthar in aghaidh fiach amhrasach de €371,000 i gcuntais Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh sa bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2023, suim a bhaineann le paitinní agus táillí ceadúnais a íocadh agus a bhí le haisíoc ag Nektr Technologies.

**Córais Faisnéise**

Chuir an Ollscoil Córais Bainistithe Faisnéise i bhfeidhm le go mbeadh modh ann chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le spriocanna agus tuartha. Samplaí de na córais sin:

- Bainistíocht Airgeadais – Agresso
- Acmhainní Daonna agus Bainistiú Párolla – CoreHR
- Taisteal agus Cothú – CoreHR
- Riarachán Mac Léinn – Bratach
- Amchláir – Syllabus Plus
- Leabharlann – Koha

**Impleachtaí Airgeadais Rioscaí Móra Gnó**

Baineann an Ollscoil feidhm as bearta éagsúla chun an seans go mbeidh gníomhaíocht chalaoiseach ann a laghdú. Cuimsíonn creat beartais na hOllscoile don rialú inmheánach beartais agus nósanna imeachta scríofa ina gceanglaítear go ndéanfar idirbhearta a údarú mar is cuí agus lena bhforáiltear go ndéanfar dualgais a leithscaradh go sásúil.

**Comhlíonadh Rialacha agus Treoirlínte maidir le Soláthar**

Deimhnímid go bhfuil Plean don Soláthar Corparáideach agus nósanna imeachta i bhfeidhm san Ollscoil a bhí á gcur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífí le Treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí agus le haon treoir iomchuí a d’eiseodh an Oifig um Sholáthar Rialtais, an tSeirbhís um Sholáthar

Oideachais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níor sonraíodh aon sárú ar na treoirlínte seo sa tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023, diomaite de chás den soláthar neamh-chomhlíontach ar luach €1,085,846.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach**

Deimhnímid go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Ollscoil chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú riosca. Bhí na nósanna imeachta seo i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana. Tháinig deireadh leo an 11 Nollaig 2023. Mar bhonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a rinne an Bord Rialúcháin ar éifeachtacht an chórais don rialú inmheánach bhí an obair a bhí déanta ag Feidhmeannas agus Bainistíocht na hOllscoile. Bhí an Feidhmeannas agus an Bhainistíocht freagrach as an gcreat um rialú inmheánach a fhorbairt agus a choinneáil i bhfeidhm, as an gCoiste Iniúchta agus Riosca, as na hIniúchóirí Inmheánacha agus as na tuairimí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir don bhainistíocht.

Tá feidhm an iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag an Ollscoil, é sin i gcomhréir leis an gCairt um Iniúchadh Inmheánach atá ceadaithe ag an mBord Rialúcháin agus leis an gCód eatramhach Rialachais d’Ollscoileanna Teicneolaíochta.

**Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialúcháin**

| | |
|---|---|
| ______________________________ | __________________________ |
| **Maura McNally** | **Dáta** |
| **Cathaoirleach** | |

| | |
|---|---|
| ____________________________________ | ______________________________ |
| **An Dr Orla Flynn** | **Dáta** |
| **Uachtarán** | |

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### Atlantic Technological University

#### Opinion on the financial statements

